C/2024/4473

22.7.2024

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Meitheamh 2024 – Habitat Barcelona Unión Constructora v EUIPO – Acomodeo Marketplace (ACOMODEO)

(Cás T-365/23) [1]

(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ACOMODEO – Focalmharc náisiúnta níos luaithe ACOMODIS – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Easpa dóchúlacht mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) agus Airteagal 53(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal8(1)(b) agus Airteagal 60(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – Fíorúsáid an mhairc níos luaithe – Airteagal 57(2) de Rialachán Uimh. 207/2009 (Airteagal 64(2) de Rialachán 2017/1001 anois))

(C/2024/4473)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Habitat Barcelona Unión Constructora SL (Barcelona, an Spáinn) (ionadaí: Guerras Mazón, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: T. Frydendahl, Gníomhaire)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta: Acomodeo Marketplace GmbH (Frankfurt am Main, an Ghearmáin) (ionadaí: S. Fröhlich, Dlíodóir)

Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 28 Márta 2023 (Cás R 713/2022-4) ar neamhní.

An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Habitat Barcelona Unión Constructora SL a chostais féin chomh maith leis na costais arna dtabhú ag Acomodeo Marketplace GmbH a íoc.

3) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin a íoc.

[1] IO C 304, 28.8.2023.